

An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12760/25

**POLCOM 235
SERVICES 57
COTRA 24
TELECOM 299
DATAPROTECT 211**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 480 final
Ábhar:	Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú trádála digitéil le Ceanada

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 480 final.

Faoi iamh: COM(2025) 480 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2025
COM(2025) 480 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú trádála digití le
Ceanada**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

I ngeall ar dhigitiú an gheilleagair tá athrú ag teacht ar scála, raon feidhme agus luas na trádála idirnáisiúnta. De bharr an digitithe, is féidir le gnólachtaí earraí agus seirbhísí a chur ar fáil do líon níos mó custaiméirí agus na hearraí agus na seirbhísí sin a dhíol leo, agus cuirtear go mór leis an rogha atá ag tomhaltóirí. Ina theannta sin, cuireann sé ar a gcumas do ghnólachtaí uirlisí digiteacha nua nuálacha a úsáid chun bacainní ar an bhfás a shárú. Go háirithe, baineann fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) tairbhe as na deiseanna sin agus is féidir leo a bheith níos comhtháite i slabhraí luacha domhanda.

Tá méadú ag teacht ar thábhacht na trádála in earraí agus seirbhísí arna cumasú trí mheáin leictreonacha ('trádáil dhigiteach'¹) ar scála domhanda. Baineann an trádáil dhigiteach le seachadadh fisiciúil earraí agus seirbhísí is féidir a cheannach go digiteach (amhail leabhar a cheannach trí ardán idirlín) mar aon le seachadadh digiteach earraí agus seirbhísí (amhail bogearraí, ríomhleabhair nó sreafaí sonraí), lena ndéantar idirbhearta idir gnólachtaí agus idirbhearta idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Meastar gur shroich luach domhanda na ríomhthrachtála EUR 22,84 thrilliún in 2022, méadú 10 % ó 2021, arbh é a bhí ann méid thart ar 30 % den Olltáirgeacht Intíre (OTI) dhomhanda.²

Tá méadú ag teacht ar líon na rialacha náisiúnta lena rialaítear an geilleagar digiteach a d'fhéadfadh bacainní gan údar ar an trádáil dhigiteach a chruthú, de thaisme nó d'aon ghnó. Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do ghnólachtaí agus chun trádáil dhigiteach a éascú, d'fhéach tíortha ar fud an domhain le rialacha trádála digítí a leagan síos. I mí Iúil 2024, d'éirigh le níos mó ná 90 Comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) caibidlíocht le haghaidh Comhaontú iltaobhach maidir le Ríomhthrachtáil a thabhairt i gcrích.³ A luaithe a chomhtháthófar é i gcreat dlíthiúil EDT, beidh an comhaontú sin ar an gcéad sraith rialacha domhanda maidir leis an trádáil dhigiteach. Le blianta beaga anuas, forbraíodh freisin líon méadaitheach comhaontuithe réigiúnacha agus déthaobhacha maidir leis an trádáil dhigiteach.⁴ Sa bhreis ar Chomhaontuithe Saorthrádála lena n-áirítear rialacha cuimsitheacha maidir leis an trádáil dhigiteach, amhail na comhaontuithe sin leis an Ríocht Aontaithe, leis an tSile agus leis an Nua-Shéalainn⁵, rinne an tAontas Comhaontú Trádála Digítí le Singeapór a

¹ Ar bhonn idirnáisiúnta is minic a úsáidtear an téarma 'trádáil dhigiteach' go hidirmhalartach le 'ríomhthrachtáil'.

² UNCTAD. Díolacháin ríomhthrachtála ghnó agus ról na n-ardán ar líne. [Díolacháin ríomhthrachtála ghnó agus ról na n-ardán ar líne - Nótaí teicniúla UNCTAD maidir le TFC don fhorbairt | Uimh. 1](#) - \$27 dtrilliún le meánráta malairte USD/EUR dar luach EUR 0,8459 in 2021.

³ An Eagraíochta Domhanda Trádála. 'Tionscnamh an Chomhráitis maidir le Ríomhthrachtáil.' [EDT | Tionscnamh an Chomhráitis maidir le Ríomhthrachtáil](#)

⁴ I mí an Mheithimh 2020, shínigh Singeapór, an tSile agus an Nua-Shéalainn Comhaontú Comhpháirtíochta maidir leis an nGeilleagar Digiteach (DEPA) leis an tSile agus an Nua-Shéalainn. D'iarr an Chóiré a bheith ina páirtí in DEPA i mí Mheán Fómhair 2021, d'iarr an tSín a bheith ina páirtí ann i nDeireadh Fómhair 2021 agus d'iarr Ceanada a bheith ina pháirtí ann freisin i mí na Bealtaine 2022. Féach freisin, mar shampla, an Comhaontú maidir leis an nGeilleagar Digiteach idir Singeapór agus an Astráil (a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2020), an Comhaontú maidir leis an nGeilleagar Digiteach idir Singeapór agus an Ríocht Aontaithe (a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2022) agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Digítí idir Singeapór agus an Chóiré (a síníodh an 21 Samhain 2022).

⁵ An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile IO L 149, 30.4.2021 lgh 10–2539; *An Coimisiún Eorpach, an tAontas Eorpach-an tSile: Téacs an Chomhaontaithe*, <https://policy.trade.ec.europa.eu>, *An Coimisiún Eorpach, an tAontas Eorpach-An Nua-Shéalainn: Téacs an Chomhaontaithe*, <https://policy.trade.ec.europa.eu/>

shaothrú agus a shíniú freisin agus tá caibidlíocht tugtha i gcrích aige le haghaidh comhaontú trádála digítí comhchosúil le Poblacht na Cóiré ('an Chóiré').⁶

Rinneadh an caidreamh trádála déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus Ceanada a léirscaoileadh agus a fheabhsú tríd an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA), atá á chur i bhfeidhm go sealadach ó 2017 i leith.⁷ I mí na Samhna 2023, neartaigh an tAontas agus Ceanada a gcaidreamh a thuilleadh mar chomhpháirtithe straitéiseacha atá ar aon intinn sa réimse digiteach trí Chomhpháirtíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Ceanada a sheoladh, lena gcuirtear creat ar fáil le haghaidh comhar rialála maidir le beartais dhigiteacha i bpríomhréimsí leasa fhrithpháirtigh. Oibríonn an tAontas agus Ceanada i ndlúthchomhar le chéile freisin i gcomhthéacs G7, áit ar fhorhnuigh siad Prionsabail G7 maidir leis an Trádáil Dhigiteach⁸ i mí Dheireadh Fómhair 2021, rud a léiríonn a dtiomantas comhpháirteach do gheilleagar digiteach atá oscailte, cothrom agus slán.

Ar an mbonn sin, tá caidreamh eacnamaíoch domhain dinimiciúil idir an tAontas agus Ceanada. I gcás an Aontais, tá Ceanada ar an 12ú comhpháirtí trádála is suntasaí, agus is é an tAontas an dara comhpháirtí trádála is mó atá ag Ceanada. Cé gur comhaontú saorthrádála cuimsitheach é CETA lena ndéantar foráil maidir le gealltanais shubstaintiúla le haghaidh trádáil in earraí agus seirbhísí idir na páirtithe, ní dhéantar foráil leis maidir le rialacha cuimsitheacha i ndáil leis an trádáil dhigiteach, ós rud é nár mhol an tAontas rialacha den sórt sin i ndáil lena chomhpháirtithe caibidlíochta tráth a rinneadh caibidlíocht ar an gcomhaontú saorthrádála sin. Ó shin i leith, d'fhorbair an tAontas tuilleadh rialacha maidir leis an trádáil dhigiteach a bhfuil feidhm acu maidir lena chaidreamh déthaobhach le roinnt comhpháirtithe trádála, lena n-áirítear leis an Ríocht Aontaithe, leis an tSile, leis an Nua-Shéalainn, le Singeapór agus leis an gCóiré. Sainithníodh an easpa rialacha nua-aimseartha maidir leis an trádáil dhigiteach mar easnamh staidéar a thacaíonn le meastóireacht *ex post* ar CETA i ndáil lena chaibidil ríomhthráchtála.⁹

Tá acmhainneacht shuntasach ag baint le rialacha trádála digítí a chaibidliú le Ceanada chun deiseanna nua a chruthú do ghnólaicthe agus do thomhaltóirí an Aontais, go háirithe trí oibriú micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide (FBManna) a éascú agus trí mhuinín tomhaltóirí as an timpeallacht ar líne a fheabhsú. In 2024, bhí Ceanada sa 13ú háit i rangú IMD maidir leis an Iomaíochas Digiteach Domhanda.¹⁰ Ina theannta sin, bhí luach os cionn EUR 75,6 billiún ar an trádáil bhliantúil in earraí agus seirbhísí idir an tAontas agus Ceanada.¹¹

Dá ndéanfaí comhaontú trádála digítí ceangailteach a chaibidliú chun an caidreamh eacnamaíoch idir an tAontas agus Ceanada a dhoimhniú, d'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar an gcomhar déthaobhach sa gheilleagar digiteach. Tá ról suntasach ag an trádáil idir an tAontas agus Ceanada cheana féin i seirbhísí arna soláthar go digiteach, agus tá EUR 9,9

⁶ COM(2023) 230 final 9 (14.4.2023).

⁷ Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Chuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, IO L 11, 14.1.2017, lch. 1080, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2017/38/oj>

⁸ Prionsabail Trádála Digítí Airí Trádála G7, <https://www.gov.uk/government/news/g7-trade-ministers-digital-trade-principles>

⁹ Staidéar chun tacú le meastóireacht *ex post* ar CETA — Tuarascáil Chríochnaitheach, <https://circabc.europa.eu/ui/group/09242a36-a438-40fd-a7af-fe32e36cbd0e/library/9af74247-45cc-449b-bd75-8b3557f3508c/details>

¹⁰ Torthaí rangú 2024 IMD maidir leis an Iomaíochas Digiteach Domhanda. [Torthaí Domhanda ar an Rangú Digiteach — Scoil ghnó IMD do chúrsaí bainistíochta agus ceannaireachta](#)

¹¹ Comhairle an Aontais Eorpaigh. Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Ceanada: fíricí agus figiúirí. [Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Ceanada: fíricí agus figiúirí - Consilium](#)

billiún agus EUR 8,4 billiún i gceist le honnmhairí agus allmhairí déthaobhacha, faoi seach.¹² Dá ndéanfaí rialacha maidir leis an trádáil dhigiteach a chaibidliú go rathúil, chuirfí feabhas ar mhuintín agus dhéanfaí foráil maidir le deimhneacht dhlíthiúil chun geilleagair dhigiteacha an Aontais agus Ceanada a nascadh.

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar chomhaontú trádála digití ceangailteach, is féidir leis an Aontas agus Ceanada a seasaimh mar cheannródaithe sa gheilleagar digiteach a dhaingniú a thuilleadh, lena n-áirítear fás frithpháirteach, iomaíochas fadtéarmach agus slándáil eacnamaíoch i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos nasctha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuidíonn an tionscnamh leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena bhforáiltear gur cheart don Aontas ‘lánpháirtíú na dtíortha uile sa gheilleagar domhanda a chothú, lena n-áirítear trí shrianta ar an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú de réir a chéile’.

Tá an tionscnamh comhsheasmhach leis an athbhreithniú ón gCoimisiún ar an mbeartas Trádála i mí Feabhra 2021, ina bhfógraítear go bhfuil sé ar intinn aige dlús a chur leis an rannpháirtíocht dhéthaobhach agus féachaint ar chreataí níos láidre le haghaidh comhar maidir le saincheistanna faoin trádáil dhigiteach le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis agus chun a idirphlé rialála le comhpháirtithe atá ar aon intinn a neartú.¹³

Ina theannta sin, tá sé comhsheasmhach le Compás Iomaíochais an Aontais, ina leagtar amach straitéisí chun slabhraí soláthair a éagsúlú agus a dhaingniú trí raon nua comhpháirtíochtaí trádála agus infheistíochta glana a fhorbairt.¹⁴

Tá sé ag teacht freisin le Straitéis Slándála Eacnamaíche an Aontais, lena leagtar béim ar an ngá atá ann leis an gcomhar a neartú le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis ar fud an domhain, go déthaobhach agus go hiltáobhach araon.¹⁵

Tá an tionscnamh comhsheasmhach leis an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta ina luaitear nach bhfuil aon náisiún aonair chun tosaigh i ngach gné de shlabhra luacha na teicneolaíochta, a mhéid a bhaineann leis an iomaíocht dhomhanda leanúnach le haghaidh ardcheannas teicneolaíochta. Bíonn an tírdhreach ag athrú de shíor mar gheall ar an nuálaíocht agus an iomaíocht. Dá bhrí sin, tá comhar agus trádáil idirnáisiúnta le príomh-chomhpháirtithe agus le príomh-chomhghuaillithe, in éineacht le straitéisí éifeachtacha éagsúlaithe agus bainistithe riosca, rithabhachtach chun cuspóirí teicneolaíochta agus digiteacha an Aontais a chur chun cinn.¹⁶

Tá an méid sin comhsheasmhach le CETA agus comhlánaíonn sé é, rud a chruthaigh caidreamh trádála déthaobhach feabhsaithe agus léirscaoilte cheana féin idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, ach nach ndéantar foráil ann maidir le rialacha cuimsitheacha maidir leis an trádáil dhigiteach. Ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Ceanada an 23 Meitheamh 2025, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus Ceanada a gcur chuige i leith na

¹² Staidéar chun tacú le meastóireacht *ex post* ar CETA — Tuarascáil Chríochnaitheach, <https://circabc.europa.eu/ui/group/09242a36-a438-40fd-a7af-fe32e36cbd0e/library/9af74247-45cc-449b-bd75-8b3557f3508c/details>

¹³ COM(2021) 66 final (18.2.2021).

¹⁴ An Coimisiún Eorpach. An Compás Iomaíochais. [An Compás Iomaíochais - an Coimisiún Eorpach](#)

¹⁵ JOIN(2023) 20 final (20.6.2023).

¹⁶ ARES(2025)3716570 (7.5.2025).

trádála a nuachóiriú trí obair a thionscnamh i dtreo Comhaontú Trádála Digítí a chomhlánódh CETA.¹⁷

Cuireann an tAontas disciplíní rialála uailmhianacha maidir leis an trádáil dhigiteach chun cinn go córasach ina chaibidlíocht faoin tsaorthrádail. Leanann na teoracha caibidlíochta a moladh cur chuige comhsheasmhach de réir mar a lean an tAontas dá chaibidlíocht le déanaí maidir le comhaontú trádála digítí le Singeapór agus leis an gCóiré.¹⁸ Ar an mbealach céanna, leanann na teoracha caibidlíochta atá beartaithe an cur chuige céanna mar a leantar sa chaibidlíocht maidir le comhaontuithe saorthrádála, lena n-áirítear an chaibidlíocht is déanaí arna dtabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, leis an tSile sa Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas agus an tSile, agus leis an Nua-Shéalainn le haghaidh an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn.

Tá an togra comhsheasmhach leis an gComhpháirtíocht Dhigiteach le Ceanada, lena soláthraítear creat neamhcheangailteach le haghaidh comhar rialála maidir le hábhair dhigiteacha agus comhar taighde maidir le hábhair dhigiteacha chomh maith le tionscadail chomhpháirteacha an bhonneagair dhigitigh, agus cuireann sé leis an gComhpháirtíocht sin.

Tá an togra comhsheasmhach freisin le Prionsabail G7 maidir leis an Trádáil Dhigiteach lena leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé geilleagar digiteach atá oscailte, cothrom agus slán a chothú lena dtacaítear leis an nuálaíocht agus leis an bhfás, agus cuireann sé leis na Prionsabail sin.

Ar deireadh, tá an togra ag teacht le toradh na caibidlíochta a tugadh i gcrích i dtaca le Comhaontú iltaobhach maidir le Ríomhthrachtáil.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann na teoracha caibidlíochta le reachtaíocht an Aontais maidir leis an margadh inmheánach i réimse na trádála digítí agus tá siad ag teacht go hiomlán leis an reachtaíocht sin. Deimhnítear freisin sna teoracha caibidlíochta atá beartaithe gur cheart aon riail nó gealltanais arna gcomhaontú ag an Aontas a bheith i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus gur cheart go gcaomhnófaí leo an tsaoirse beartais is gá chun reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme. Tá siad comhsheasmhach leis an Dearbhú maidir le cearta agus prionsabail dhigiteacha Eorpacha a shínigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an 15 Nollaig 2022, a bhfuil sé mar aidhm ag an Aontas é a chur chun cinn ina chaidreamh trádála idirnáisiúnta.¹⁹ Tá an méid sin ag teacht leis na cuspóirí a leagtar amach i Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta an Aontais chun claochlú digiteach na hEorpa a threorú ar fud an domhain.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

¹⁷ An Coimisiún Eorpach. [Ráiteas Comhpháirteach tar éis Chruinniú Mullaigh 2025 idir an tAontas Eorpach agus Ceanada: Comhpháirtíocht Mharthanach, Clár Oibre Uailmhianach.](#)

¹⁸ COM(2023) 230 final 9 (14.4.2023).

¹⁹ An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digítí 2023/C 23/01, IO C 23, 23.1.2023, lgh. 1-7.

Foráiltear le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach nó go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Le hAirteagal 218(4) CFAE, foráiltear go bhféadfadh an Chomhairle teoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú nach mór an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle leis.

Molann an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Ceanada le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta a bhaineann leis an trádáil dhigiteach. Ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí.

- **Bunús dlí substainteach**

Tagann an gníomh seo faoin gcomhbheartas tráchtála agus, dá bhrí sin, is é an chéad fhomhír de 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach.

- **Rogha an idirbheartaí**

Ós rud é nach gcumhdaíonn an comhaontú atá beartaithe ach ábhair seachas an comhbheartas eachtrach agus slándála, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

- **Inniúlacht an Aontais**

Tagann an gníomh seo faoin gcomhbheartas tráchtála faoi Airteagal 207 CFAE. Dá bhrí sin, baineann sé le hinniúlacht eisiach an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(d) CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir Airteagal 5(3) CAE, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach. Is réimse inniúlachta eisiach de chuid an Aontais faoi Airteagal 3(1) CFAE é an comhbheartas tráchtála.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá i gceist a ghnóthú.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle teoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh sin a bhaint amach.

3. TORTHÁÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Léiríonn torthaí an staidéir a thacaíonn leis an meastóireacht *ex post* ar CETA, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2025, go bhfuil caibidil CETA maidir le ríomhthráchtáil teoranta ó thaobh raon feidhme de agus nár choinnigh sí suas le beartais an Aontais atá ag teacht chun cinn, rud a fhágann go bhfuil a forálacha as dáta agus nach bhfuil siad chomh cuimsitheach céanna leis na forálacha i gcomhaontuithe a rinneadh ina dhiaidh sin.²⁰ I gcomhaontuithe de chuid an Aontais a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear na Comhaontuithe Trádála Digití is déanaí le Singeapór agus leis an gCóiré, cuirtear gealltanais shuntasacha i láthair a sháraíonn na gealltanais atá le fáil in CETA. Cuimsíonn na comhaontuithe sin gnéithe éagsúla, lena n-áirítear sreafaí sonraí trasteorann, príobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta, dleachtanna custaim ar tharchur leictreonach, muinín tomhaltóirí ar líne, cumarsáid mhargaíochta gan iarraidh, sonraí rialtais oscailte, agus comhar rialála maidir le trádáil dhigiteach, a bhfuil cumhdach níos leithne agus gealltanais níos láidre i gceist leo. Chuir páirtithe leasmhara an bhearna sin in iúl mar réimse criticiúil a bhfuil feabhas práinneach ag teastáil ina leith. Ar an mbealach céanna, i dTionscnamh an Chomhráitis maidir le Ríomhthráchtáil de chuid EDT, ar tugadh caibidlíocht i gcrích ina leith i mí Iúil 2024 agus a d'fhormhuinigh an tAontas agus Ceanada araon, leagtar béim bhreise ar an mbearna idir forálacha CETA agus caighdeán dhomhanda trádála digití atá ag dul i méid.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuireann an togra leis na léargais a bailíodh le linn na meastóireachta *ex post* ar CETA, inar chuir páirtithe leasmhara aiseolas luachmhar ar fáil maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht agus comhleanúnachas an chomhaontaithe. Áiríodh leis an bpróiseas meastóireachta sin Glao ar Fhianaise a foilsíodh i mí an Mhárta 2024, lena n-áirítear measúnú críochnúil ar ghealltanais dhéthaobhacha maidir leis an trádáil dhigiteach.

Bhí páirtithe leasmhara rannpháirteach go gníomhach cheana féin trí bhealaí éagsúla sa chomhthéacs sin, amhail idirphlé leis an tsochaí shibhialta in 2024 agus 2025, comhairliúchán poiblí cuimsitheach 12 sheachtain ar líne a bhí ar fáil do pháirtithe leasmhara san Aontas agus i gCeanada araon, agus suirbhé spriocdhírthe ar líne a bhí dírithe ar úsáideoirí gnó, lena n-áirítear FBManna. Ina theannta sin, rinneadh agallaimh le páirtithe leasmhara roghnaithe chun eispéiris shonracha a bhaineann leis an trádáil dhigiteach a fháil.

Trí na comhairliúcháin sin, bhí deiseanna ag páirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur in iúl, rud a áirithigh go mbeidh cur chuige an Choimisiúin ag teacht leis an leas comhchoiteann agus le riachtanais chomhchoiteanna eintitis an Aontais agus Ceanada araon. Leis an bpróiseas comhairliúcháin sin, leagtar béim ar chineál comhoibríoch fhorbairt an bheartais trádála agus léiríonn sé an tiomantas leas a bhaint as dearcadh cuimsitheach na bpáirtithe leasmhara ar bhealach trédhearcach rannpháirteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

²⁰ Staidéar chun tacú le meastóireacht *ex post* ar CETA — Tuarascáil Chríochnaitheach, <https://circabc.europa.eu/ui/group/09242a36-a438-40fd-a7af-fe32e36cbd0e/library/9af74247-45cc-449b-bd75-8b3557f3508c/details>

- **Measúnú tionchair**

Soláthraítear an comhthéacs maidir leis an gcaidreamh déthaobhach idir an tAontas agus Ceanada sa trádáil dhigiteach sa doiciméad inmheánach oibre maidir le meastóireacht *ex post* CETA. Ní dhearnadh measúnú tionchair don tionscnamh mar gheall ar an deacracht a bhaineann lena thionchar eacnamaíoch a thomhas i gcomparáid leis an staid reatha. Ós rud é go gcuirfidh an creat trádála digití leis an gcaidreamh trádála léirscaoilte atá bunaithe faoi na comhaontuithe atá ann cheana, is éard atá i gceist leis an tionscnamh seo go príomha deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú d'oibreoirí trádála digití. Thairis sin, tá an raon feidhme le haghaidh cineálacha cur chuige malartacha teoranta, ós rud é go bhfuil na disciplíní caibidlíochta atá beartaithe ag teacht go dlúth leis na disciplíní sin atá bunaithe cheana féin i gcomhaontuithe saorthrádála an Aontais leis an Ríocht Aontaithe, leis an tSile agus leis an Nua-Shéalainn, le Comhaontuithe Trádála Digití le Singeapór agus leis an gCóiré, agus le Comhaontú EDT maidir le Ríomhthráchtáil.

Ní áirítear plean cur chun feidhme sa tionscnamh ag an gcéim seo, ós rud é nach mbeidh na sonraíochtaí soiléir go dtí go mbeidh an chaibidlíocht tugtha i gcrích.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an tionscnamh, urramaítear go hiomlán an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 8 maidir le cosaint sonraí pearsanta.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí buiséadacha ag an tionscnamh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é is aidhm do na forálacha a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur le caibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú trádála digití le Ceanada

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá caidreamh eacnamaíoch domhain dinimiciúil idir an tAontas agus Ceanada. Is mór-chomhpháirtí trádála agus dlúthpháirtí straitéiseach de chuid an Aontais Eorpaigh é Ceanada. Tá Comhaontú Saorthrádála an Aontais Eorpaigh le Ceanada i bhfeidhm go sealadach ó bhí 2017 ann. Déantar foráil sa Chomhaontú Saorthrádála sin maidir le gealltanais shuntasacha i ndáil le trádáil in earraí agus seirbhísí idir na páirtithe, ach ní áirítear leis rialacha cuimsitheacha maidir leis an trádáil dhigiteach.
- (2) I mí Dheireadh Fómhair 2021, d’fhormhuinigh an tAontas Eorpach agus Ceanada go comhpháirteach Prionsabail G7 maidir leis an Trádáil Dhigiteach laistigh de chreat G7, agus rinne siad a gcomhar a dhoimhniú a thuilleadh trí Chomhpháirtíocht Dhigiteach a sheoladh i mí na Samhna 2023.
- (3) I mí an Mheithimh 2025, ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Ceanada, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus Ceanada a gcur chuige i leith na trádála a nuachóiriú trí obair a thionscnamh i dtreo Comhaontú Trádála Digití lena gcomhlánófaí Comhaontú Saorthrádála an Aontais Eorpaigh le Ceanada.
- (4) D’éirigh leis an Aontas Eorpach rialacha trádála digití a ionchorprú i roinnt comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha le tríú tíortha, chomh maith le Comhaontuithe Trádála Digití le Singeapór agus leis an gCóiré. Thairis sin, tugadh an chaibidlíocht i dtaca le Comhaontú iltaobhach maidir le Ríomhthrachtáil in EDT i gcrích i mí Iúil 2024 agus tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun an comhaontú sin a ionchorprú i gcreat dlíthiúil EDT. Dá bhrí sin, is iomchuí an Coimisiún údarú le tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le disciplíní trádála digití ceangailteacha atá comhleanúnach leis na comhaontuithe sin agus na cuspóirí céanna a shaothrú a bhfuil sé beartaithe ag an Aontas Eorpach a bhaint amach sa chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún le tús a chur le caibidlíocht, thar ceann an Aontais, maidir le comhaontú trádála digití le Ceanada.
2. Déanfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gcoiste speisialta dá ndéantar foráil sa tríú fomhír d’Airteagal 207(3) CFAE.

Airteagal 4

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*